**CINNEADH (AE) 2022/310 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH**

**an 17 Feabhra 2022**

**lena leasaítear Cinneadh (AE) 2019/1743 ón mBanc Ceannais Eorpach maidir le híocaíocht i leith sealúchais cúlchistí barrachais agus i leith taiscí áirithe (BCE/2022/5)**

TÁ COMHLAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 127(2), an chéad fhleasc, de,

Ag féachaint do Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 3.1, an chéad fhleasc, and Airteagail 17 go 19 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun comhsheasmhacht san íocaíocht i leith taiscí inchomparáide ar fud an Eurochórais a áirithiú, ba cheart íocaíocht i leith taiscí áirithe de chuid eintitis phoiblí san Aontas leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) (seachas na taiscí sin atá díolmhaithe ó rátaí úis diúltacha) dá bhforáiltear i gCinneadh (AE) 2019/1743 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2019/31) ([1]) a ailíniú le híocaíocht i leith taiscí rialtais i gcomhréir le Treoirlíne (AE) 2019/671 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2019/7). ([2]) Chun leasú a cheadú ar na socruithe conarthacha ábhartha idir BCE agus eintitis phoiblí an Aontais dá réir sin, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ón 4 Aibreán 2022.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (AE) 2019/1743 (BCE/2019/31) a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasú**

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2 de Chinneadh (AE) 2019/1743 (BCE/2019/31):

"*Airteagal 2*

**Íocaíocht i leith taiscí áirithe arna sealbhú le BCE**

1. Cuntais arna gcoimeád le BCE i gcomhréir le Cinneadh BCE/2003//14 ([1])*, Cinneadh BCE/2010/31 ([2])*, Cinneadh BCE/2010/17 ([3])* agus Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle ([4])*, déanfar íocaíocht ina leith mar a leanas:

(a) má tá ráta na saoráide taisce ar an lá féilire ábhartha cothrom le nialas nó níos mó (dearfach), ag nialas faoin gcéad nó de réir ráta gearrthéarmach an euro (€STR), cibé acu is ísle;

(b) má tá ráta na saoráide taisce ar an lá féilire ábhartha cothrom le nialas nó níos mó (diúltach) íocfar na cuntais de réir ráta na saoráide taisce nó de réir ráta gearrthéarmach an euro (€STR), cibé acu is ísle.

Mar sin féin, nuair is gá taiscí a shealbhú sna cuntais sin roimh an dáta a gcaithfear íocaíocht a dhéanamh i gcomhréir leis na rialacha dlíthiúla nó conarthacha is infheidhme maidir leis an tsaoráid ábhartha, déanfar íocaíocht i leith na dtaiscí sin le linn na réamhthréimhse sin ag nialas faoin gcéad nó de réir ráta gearrthéarmach an euro (€STR), cibé acu is airde.

2. An cuntas tiomnaithe arna choimeád le BCE i gcomhréir le hAirteagal 13(2) de Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2021 lena mbunaítear na socruithe is gá le haghaidh riarachán na n-oibríochtaí iasachtaíochta a riar faoi Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle agus na n-oibríochtaí iasachtóireachta a bhaineann le hiasachtaí a dheonaítear i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5])* chun críoch sealúchas airgid stuamachta dá dtagraítear san Airteagal sin, déanfar íocaíocht ina leith ag

([1]) Cinneadh (AE) 2019/1743 ón mBanc Ceannais Eorpach an 15 Deireadh Fómhair 2019 maidir le híocaíocht i leith sealúchais cúlchistí barrachais agus i leith taiscí áirithe (BCE/2019/31) (IO L 267, 21.10.2019, lch. 12).

([2]) Treoirlíne (AE) 2019/671 ón mBanc Ceannais Eorpach an 9 Aibreán 2019 maidir le hoibríochtaí i dtaca le bainistíocht dliteanais agus bainistíocht sócmhainní intíre ag na bainc cheannais náisiúnta (BCE/2019/7) (IO L 113, 29.4.2019, lch. 11).

nialas faoin gcéad nó de réir ráta gearrthéarmach an euro (€STR), cibé acu is airde, seachas i gcás inar mó ná EUR 20 billiún méid comhiomlán na dtaiscí a shealbhaítear sa chuntas tiomnaithe sin, agus sa chás sin, íocfar leis an méid breise mar a leanas:

(a) má tá ráta na saoráide taisce ar an lá féilire ábhartha cothrom le nialas nó níos mó (dearfach), ag nialas faoin gcéad nó de réir ráta gearrthéarmach an euro (€STR), cibé acu is ísle;

(b) má tá ráta na saoráide taisce ar an lá féilire ábhartha cothrom le nialas nó níos mó (diúltach) íocfar na cuntais de réir ráta na saoráide taisce nó de réir ráta gearrthéarmach an euro (€STR), cibé acu is ísle.

([1])* Cinneadh BCE/2003/14 an 7 Samhain 2003 maidir le riar na n-oibríochtaí trína bhfaightear agus trína dtugtar iasachtaí arna dtabhairt i gcrích ag an gComhphobal Eorpach faoin tsaoráid um chúnamh airgeadais meántéarmach (IO L 297, 15.11.2003, lch. 35).

([2])* Cinneadh BCE/2010/31 an 20 Nollaig 2010 maidir le cuntais a oscailt chun íocaíochtaí a phróiseáil i ndáil le hiasachtaí de chuid EFSF do Bhallstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu (IO L 10, 14.1.2011, lch. 7).

([3])* Cinneadh BCE/2010/17 an 14 Deireadh Fómhair 2010 maidir le riar na n-oibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas faoin Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (IO L 275, 20.10.2010, lch. 10).

([4])* Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle an 19 Bealtaine 2020 maidir le hionstraim Eorpach a bhunú le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú in éigeandáil (SURE) tar éis ráig COVID-19 (IO L 159, 20.5.2020, lch. 1).

([5])* C/2021/2502 final.”.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an cúigiú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Beidh feidhm aige ón 4 Aibreán 2022.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 17 Feabhra 2022.

*Do Chomhairle Rialaithe an BCE*

*Uachtarán an BCE*

Christine LAGARDE